

Le linn na tréimhse 1949-1989, cén tábhacht a bhí le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: dearcthaí athraitheacha i leith na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh; tionchar RTÉ, 1962-97' (2017)

Chuir RTÉ go mór le nua-aoisiú shochaí na hÉireann. Rinne Teilifís Éireann an chéad chraoladh ar chluiche CLG in 1962. Ba é Michael O Hehir an príomh-thráchtair agus thug sé clúdach den scoth ar gach cluiche.

Theastaigh ó eagraíochtaí ar nós Chonradh na Gaeilge go gcuirfeadh RTÉ úsáid na Gaeilge chun cinn, rud a chabhródh le stop a chur le meath na Gaeilge. Mar sin féin, bhí coimhlint eatarthu sna 60idí agus sna 70idí, toisc gur chreid eagraíochtaí Gaeilge nach ndearna RTÉ a ndóthain. Bhí cláir ar nós 'Buntús Cainte' acu, clár cúig nóiméad a bhí ann agus bhunaigh siad Raidió na Gaeltachta, stáisiún raidió Gaeilge.

Bhí sobaldrámaí acu mar "The Riordans". Bhí an sobaldráma seo bunaithe ar shaol na tuaithe agus léirigh sé do mhuintir na cathrach an cineál saoil a bhí ag daoine faoin tuath. Thaispeáin clár darb ainm "Teilifís Feirme" saol na feirmeoireachta do dhaoine, agus craoladh "Teilifís Scoile" a léirigh cláir faoin matamaitic, faoin eolaíocht agus faoin litríocht (Béarla agus Gaeilge) do scoláirí dara leibhéal.

Cuireadh tús leis an gclár "The Late Late Show" in 1962, clár a chuir Gay Byrne i láthair. Pléadh ceisteanna conspóideacha ar an gclár, ceisteanna a bhain le gnéas, colscaradh, reiligiún agus frithghiniúint. Rinne polaiteoirí agus easpaig áirithe an Eaglais Chaitliceach a cháineadh agus laghdaigh siad tionchar na hEaglaise. Rinne sé sochaí na hÉireann a liobrálú freisin.

Rinne RTÉ craolachán ar chuairt JFK i Meitheamh 1963. Rinneadh craoladh beo agus baineadh

úsáid as roinnt ceamaraí. Chuaigh an chuairt i gcion ar an tír ar fad ar feadh 4 lá. Cúig mhí ina dhiaidh sin, tar éis a bháis in Dallas, bhí lá náisiúnta dohróin ag Éirinn toisc gur mhothaigh pobal na hÉireann mór le JFK.

Chruthaigh na trioblóidí i dTuaisceart Éireann tuilleadh fadhbanna do RTÉ. D'úsáid an rialtas Alt 31 den Acht Craolacháin chun an tIRA Sealadach agus Sinn Féin a choinneáil ó úsáid a bhaint as an teilifís, toisc nach raibh an rialtas ag iarraidh "cuma tharraingteach" a chur ar an bhforéigean.

Chuir an clár 'Radharc' muintir na hÉireann ar an eolas maidir le fadhbanna sóisialta a bhíonn ag daoine i dtíortha i mbéal forbartha ar nós tíortha san Afraic. Bhí sé seo mar ábhar inspioráide don charthanacht Trócaire.

Taispeánadh cláir na Breataine agus cláir Mheiriceá toisc go raibh sé i bhfad níos saoire iad a cheannach nó cláir a léiriú go háitiúil. Ceannaíodh roinnt clár ó BBC agus ó ITV. Mar sin, dúnadh pictiúrlanna i go leor bailte tuaithe.